Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Eanáir 2023
(OR. en)

5754/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0012(NLE)**

SOC 52
EMPL 35

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 38 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 38 final.

Faoi iamh: COM(2023) 38 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.1.2023
COM(2023) 38 final

2023/0012 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is cuspóir coiteann é de chuid an Aontais agus a Bhallstáit an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn. Is príomhspreagadh é an t-idirphlé sóisialta don athléimneacht eacnamaíoch agus sóisialta, don iomaíochas, don chothroime agus don fhás inbhuanaithe. Is rud ríthábhachtach é chun réitigh chothroma a aimsiú mar fhreagairt ar riachtanais nua, ar athruithe i saol na hoibre, agus ar ghéarchéimeanna gan choinne chomh maith, trí choigeartú ar dhálaí oibre agus ar eagrú na hoibre a cheadú. Féadfaidh an t-idirphlé sóisialta rannchuidiú le cearta oibrithe nua a chosaint nó le cearta oibrithe atá ann cheana a chosaint, amhail an ceart chun dícheangail ón obair nó cosaint ar fhoréigin agus ar chiapadh ag an obair. Léirigh an ghéarchéim airgeadais agus an phaindéim gur gnách go mbíonn geilleagair níos iomaíche agus níos athléimní ag tíortha a bhfuil creataí láidre acu maidir leis an idirphlé sóisialta agus a bhfuil cumhdach ard cómhargála acu.

Aithnítear sna Conarthaí ról uathúil na gcomhpháirtithe sóisialta, rud a cuireadh béim air freisin i bPrionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[1] a seoladh i mí an Mhárta 2021, leagadh béim ar an ngá atá le hidirphlé sóisialta a threisiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus éilíodh go dtreiseofaí na n-iarrachtaí chun tacú le cumhdach cómhargála ionas nach dtiocfaidh laghdú ar bhallraíocht na gcomhpháirtithe sóisialta ná lagú ar dhlús eagraíochtúil na gcomhpháirtithe sóisialta. Sa bhreis air sin, i nGealltanas Sóisialta Porto[2] iarradh ar na gníomhaithe ábhartha uile idirphlé sóisialta neamhspleách a chur chun cinn mar ghné struchtúraithe den Mhúnla Sóisialta Eorpach agus é a neartú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach, earnálach agus cuideachta, agus béim ar leith á leagan ar chreat cumasúcháin a áirithiú le haghaidh na cómhargála laistigh de na múnlaí éagsúla atá ann sna Ballstáit. Sa tuarascáil chríochnaitheach ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, cuirtear i bhfios go láidir *'We must promote social dialogue and collective bargaining'* [Ní mór dúinn an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chur chun cinn] (Togra 13 maidir le margaí saothair uilechuimsitheacha margaí saothair cuimsitheacha)[3].

Tá éagsúlachtaí ann ar fud na mBallstát i dtaca le socruithe agus próisis maidir leis an idirphlé sóisialta, éagsúlachtaí a léiríonn stair éagsúil agus staideanna eacnamaíocha agus polaitiúla éagsúla na dtíortha uile. Tá éagsúlacht mhór sa caidreamh oibreachais comhchoitinn, i dtéarmaí acmhainneacht agus bhallraíocht na n-eagraíochtaí, ról na cómhargála maidir le dálaí oibre a shocrú, chomh maith leis na struchtúir fhoirmiúla le haghaidh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas, agus i dtéarmaí a dtionchar.

Cé go bhfuil éagsúlachtaí móra ann idir na Ballstáit, le 30 bliain anuas tá laghdú suntasach tagtha ar sciar na n-oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna. Tháinig laghdú air ó thart ar 66 % ar an meán san Aontas in 2000 go tuairim is 56 % in 2018 agus laghduithe móra suntasacha tagtha air i Lár agus in Oirthear na hEorpa. Cé go bhfuil an ráta

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'The European Pillar of Social Rights Action Plan' [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], COM(2021) 102 final

2 Gealltanas Sóisialta Porto arna shíniú ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021 ag Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ag an gCoimisiún Eorpach, ag Parlaimint na hEorpa agus ag na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ag an Ardán Sóisialta, chun neartú a dhéanamh ar an ngealltanas do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme (https://www.2021portugal.eu/en/porto-social-summit/porto-social-commitment)

3 Ar fáil ar líne

ballraíocht in eagraíochtaí fostóirí fós réasúnta cobhsaí, tá an ráta ballraíochta sna ceardchumainn laghdaithe (ar an meán) ar fud Bhallstáit uile an Aontais[4].

Tá saol na hoibre ag athrú, le slí mhaireachtála agus oibre níos indibhidiúlaithe, lena n-áirítear teacht chun cinn cineálacha nua fostaíochta, rud a fhágann go mbíonn sé deacair ar cheardchumainn baill nua a earcú. Tá easpa ionadaíochta ag baint leis an gcuid is mó de na cineálacha nua fostaíochta, lena n-áirítear méadú ar líon na ndaoine féinfhostaithe aonair. Is amhlaidh atá i gcás oibrithe a bhfuil conarthaí ar théarma seasta acu, ar lú an dóchúlacht go rachaidh siad isteach i gceardchumann. De bharr na solúbthachta ó thaobh ama agus ionaid oibre de, bíonn deacrachtaí ag ionadaithe oibrithe an lucht saothair ilroinnte sin a eagrú. Le blianta beaga anuas, tá tionscnaimh déanta ag eagraíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta chun comhaltaí nua a mhealladh nó chun guth grúpaí áirithe atá faoi ghannionadaíocht a neartú (go háirithe oibrithe óga agus oibrithe ardáin) trí straitéisí spriocdhírithe agus iarrachtaí earcaíochta agus trí struchtúir shonracha a chruthú laistigh de na heagraíochtaí. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann agus d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh, lena n-áirítear iarrachtaí chun leas a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an digiteáil.

Aithníodh sna Treoirlínte Fostaíochta agus leagadh amach iontu an gá atá le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas agus athchóirithe agus ina gcur chun feidhme agus na tairbhithe a ghabhann leis sin.

De réir Thuarascáil Chomhpháirteach 2022 ar Fhostaíocht, ina ndearnadh anailísiú ar an gcaoi a raibh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach i ndearadh na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta agus i mbearta géarchéime eile, níos mó ná leath de na bearta uile i réimsí na mbeartas gníomhach maidir le margadh an tsaothair agus na cosanta ioncaim a achtaíodh ó tharla ráig na paindéime, rinneadh iad a chomhaontú nó a chaibidliú leis na comhpháirtithe sóisialta.

Tá difríochtaí suntasacha ann idir na Ballstáit freisin maidir le creat, le struchtúir, le próisis agus le cáilíocht an idirphlé shóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil. Tá tábhacht fós leis na rialacháin reachtúla mar choinníoll chun topaicí nua a thabhairt isteach i gcomhaontuithe comhchoiteanna, go háirithe sna tíortha sin ina bhfuil rialáil láidir maidir le caidreamh fostaíochta[5]. Tá institiúid fhoirmiúil idirphlé sóisialta náisiúnta i bhfeidhm ag formhór na mBallstát inar féidir le hionadaithe fostóirí, ceardchumann agus an rialtais ábhair ghinearálta eacnamaíocha agus shóisialta a phlé. Tá éagsúlachtaí móra ann maidir le ról agus cumhachtaí na gcomhlachtaí sin, ach de ghnáth bíonn ról comhairleach agus comhairliúcháin acu maidir le dréachtreachtaíocht agus dréachtbheartais, go háirithe i réimsí a bhaineann leis an bhfostaíocht, agus is féidir leo fóram a chur ar fáil chun comhaontuithe a chaibidliú. Ina theannta sin, tá comhlachtaí trípháirteacha ag go leor tíortha a dhéileálann le saincheisteanna sonracha, amhail an tslándáil shóisialta, an fhostaíocht, an oiliúint, agus an tsláinte agus an tsábháilteacht.

Thairis sin, i roinnt Ballstát, tá easpa acmhainneachta eagrúcháin ag na comhpháirtithe sóisialta. Cuireann sé sin bac ar a rannpháirtíocht in athchóirithe agus ceapadh beartas ábhartha agus ar a gcumas comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích. Dá réir sin, bíonn tionchar aige sin ar leasanna a chothromú ar an dá thaobh den tionscal agus bíonn tionchar aige ar a n-iarrachtaí réitigh dhea-choigeartaithe a fháil agus cúrsaí pá a chaibidliú.

I measc na ndálaí a bhfuil gá leo ionas go mbeidh idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil ann, áirítear eagraíochtaí láidre neamhspleácha oibrithe agus fostóirí a bhfuil an cumas teicniúil

---

4 Bunachar sonraí ICTWSS, Leagan 6.1, Ollscoil Amstardam

5 Eurofound (2022), *Moving with the times: Emerging practices and provisions in collective bargaining* [Ag coinneáil cos leis an saol: Cleachtais agus forálacha atá ag teacht chun cinn sa chómhargáil], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg

acu agus an rochtain acu ar an bhfaisnéis ábhartha chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta; toil pholaitiúil agus tiomantas na n-údarás chun infheistíocht a dhéanamh sa trípháirteachas agus tacú leis an idirphlé sóisialta; urraim do chearta bunúsacha na saoirse comhlachais agus na cómhargála agus na tacaíochta institiúidí iomchuí[6].

Tá dúshláin mhóra roimh chuideachtaí agus oibrithe na hEorpa faoi láthair, dúshláin a eascraíonn as tionchar na paindéime, as na haistrithe chuig geilleagar digiteach atá neodrach ó thaobh na haeráide de, agus as fogha na Rúise faoin Úcráin freisin.

Is é is aidhm don togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle tacú leis na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, trí aghaidh a thabhairt ar thrí phríomhghné: comhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta a cheapadh agus a chur chun feidhme; comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, agus a neamhspleáchas agus an ceart chun gníomhaíochta comhchoitinne á n-urramú ag an am céanna; agus tacaíocht a chothú le haghaidh acmhainneacht mhéadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta.

Cuireann an Moladh leis na gnéithe riachtanacha d'idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil san Aontas Eorpach, is iad sin: saoirse chonarthach agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, urraim do thraidisiúin, do rialacha agus do chleachtais náisiúnta, chomh maith le neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta. Comhlánóidh an tionscnamh an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is cuid de thionscnamh Idirphlé Sóisialta 2023 é an togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle agus, dá bhrí sin, tá nasc díreach aige le Teachtaireacht 2023 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le *Strengthening social dialogue in the European Union: harnessing its full potential for managing fair transitions* [An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht chun aistrithe cothroma a bhainistiú].

Comhlánóidh an Moladh na hionstraimí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus beidh sé gan dochar dóibh. Tacóidh sé le cur chun feidhme Phrionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta mar a shonraítear ina Phlean Gníomhaíochta.

Tá roinnt ionstraimí ar fáil don Aontas chun tacú leis an idirphlé sóisialta náisiúnta nó chun treoir bheartais ghaolmhar a eisiúint amhail ionstraimí cistiúcháin (e.g. CSE+), an Seimeastar Eorpach nó an Creat Cáilíochta maidir le hAthstruchtúrú.

Le creat cuimsitheach Treoracha maidir le hoibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo[7], ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta araon, bunaítear rialacha chun

[6] Mar shampla, Rún CIS 2018 maidir leis an idirphlé sóisialta agus an trípháirteachas

[7] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1); Treoir 98/59/CE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16); Treoir 2001/23/CE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cosaint chearta na bhfostaithe i gcás aistriú gnóthas, ghnóthaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnóthaí (IO L 82, 22.3.2001, lch. 16.); Treoir 2001/86/CE ón gComhairle lena bhforlíontar an Reacht um Chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe (IO L 294, 10.11.2001, lch. 22); Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo - Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29); Treoir 2003/72/CE ón gComhairle lena

cearta na n-oibrithe ar leibhéal na cuideachta a chosaint. Le creat cáilíochta maidir le hathstruchtúrú de chuid an Aontais cuidítear le cuideachtaí athruithe a thuar agus éifeachtaí sóisialta agus fostaíochta an athstruchtúraithe a mhaolú[8]. Tá tionscnaimh eile ón gCoimisiún ann freisin atá ábhartha don idirphlé sóisialta náisiúnta, cur i gcás an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas[9], an Togra le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin[10] agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Better Working Conditions for a Stronger Social Europe: harnessing the full benefits of digitalisation for the future of work' [Dálaí Oibre Níos Fearr ar son Eoraip Shóisialta Níos Láidre: leas iomlán a bhaint as an digiteáil ar mhaithe le todhchaí na hoibre'[11].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá nasc idir an Moladh seo agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *'Guidelines on the application of EU competition law to collective agreements regarding the working conditions of solo self-employed persons'* [Treoirlínte maidir le dlí iomaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm ar chomhaontuithe comhchoiteanna i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair][12] arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach mbeidh rialacha iomaíochta an Aontais ina mbaic ar an gcómhargáil do dhaoine aonair féinfhostaithe a bhfuil gá acu léi.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún a glacadh le déanaí maidir le *'Harnessing talent in Europe's regions'* [Leas a bhaint as tallann i réigiúin na hEorpa][13] aithnítear gur gá feabhas a chur ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sna réigiúin atá ag tabhairt aghaidhe ar ghaiste forbartha tallainne, ós rud é go bhfuil sé thar a bheith luachmhar i gcás dálaí oibre níos fearr a chruthú, pá leordhóthanach, agus chun dul i ngleic le ganntanas scileanna agus saothair.

Ar an togra ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh le déanaí maidir le cúram fadtéarmach inacmhainne ardcháilíochta[14] lena n-iarrtar ar na Ballstáit tacú le fostaíocht ardcháilíochta agus dálaí oibre cothroma in earnáil an chúram fhadtéarmaigh trí idirphlé sóisialta náisiúnta agus an chómhargáil in earnáil an chúram fhadtéarmaigh a chur chun cinn.

Tá tábhacht le cur chun cinn an idirphlé shóisialta agus na cómhargála ar an leibhéal náisiúnta freisin i gcomhthéacs na caibidlíochta leanúnaí maidir le méadú ós rud é nach mór do thíortha is iarrthóirí a struchtúir agus a bpróisis maidir leis an idirphlé shóisialta a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i saol athraitheach na hoibre.

---

bhforlíontar an Reacht do Chomharchumann Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe (IO L 207, 18.8.2003, lch. 25); Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Comhairle Oibreacha Eorpacha nó nós imeachta i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail a bhunú chun críocha fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (Athmhúnlú) (IO L 122, 16.5.2009, lch. 28) agus Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).

8 COM/2013/0882 final, ar fáil ar líne

9 Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach, (IO L 275, 25.10.2022, lgh. 33–47)

10 COM(2021) 762 final

11 COM(2021) 761 final

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún - Treoirlínte um chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais maidir le comhaontuithe cómhargála i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair 2022/C 374/02 (IO C 374, 30.9.2022, lch. 2)

13 COM(2023) 32 final

14 Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ardcháilíochta 2022/C 476/01 (IO C 476, 15.12.2022, lch. 11)

Tá an tionscnamh seo nasctha freisin le caidreamh idirnáisiúnta an Aontais i réimse an bheartais shóisialta, ós rud é go bhfuil sé i gcomhréir le caighdeáin saothair idirnáisiúnta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus le Cairt Shóisialta na hEorpa. Is é atá i gceist le breisluach ghníomhaíocht an Aontais cur leis na caighdeáin sin agus iad a dhéanamh níos oibríochtúla agus níos spriocdhírithe ar mhargaí saothair an Aontais.

Treoir 2014/24/AE[15] maidir le soláthar poiblí, Treoir 2014/25/AE[16] maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus Treoir 2014/23/AE[17] maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain, tá na Treoracha sin ábhartha freisin don tionscnamh seo toisc go gcuireann siad de cheangal ar na Ballstáit an ceart eagrúcháin agus an ceart chun cómhargála a urramú i gcomhréir le Coinbhinsiún 87 EIS maidir le Saoirse Comhlachais agus le Cosaint an Chirt Eagrúcháin agus Choinbhinsiún 98 EIS maidir leis an gCeart Eagrúcháin agus an Ceart chun Cómhargála.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Tá an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 292 i gcomhar le hAirteagal 153(1)(f) den Chonradh a chuireann ar chumas an Aontais tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus iad a chomhlánú i réimse na hionadaíochta agus na cosanta comhchoitinne ar leasanna oibrithe agus fostóirí, lena n-áirítear comhchinneadh. Éilíonn an bunús dlí sin vótáil aontoilíochta.

I gcomhréir le hAirteagal 153 (5), níor cheart forálacha a bhaineann leis an gceart comhlachais, leis an gceart dul ar stailc ná leis an gceart chun frithdhúnadh a fhorchur, ar forálacha iad nach dtagann faoi inniúlacht an Aontais, a áireamh sa Mholadh agus ní áirítear ann forálacha den sórt sin.

### • Coimhdeacht

Déanfaidh na Ballstáit na bearta agus na hinfheistíochtaí a cheapadh agus a roghnú. Tá an inniúlacht ag an Aontas tacú leis na gníomhaíochtaí sna Ballstáit sa réimse seo agus iad a chomhlánú, i gcomhréir le hAirteagal 153(1)(f) CFAE. Áirithítear leis an Togra breisluach na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, a bhfuil tacú leis na Ballstáit ina chuid de, trí threoir a foghlaimíodh ón réimse leathan samhlacha idirphlé sóisialta ar fud an Aontais (agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta á n-urramú ag an am céanna). Seasfaidh sé leis an ngealltanas polaitiúil a leagtar amach faoi Phrionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

### • Comhréireacht

Tacaíonn an togra le hiarrachtaí na mBallstát agus comhlánaíonn sé iad. Urramaíonn sé éagsúlacht na gcóras idirphlé sóisialta atá ann san Aontas agus aithníonn sé go bhféadfadh difríochtaí sa tslí a chuirtear an moladh chun feidhme a bheith mar thoradh ar choinníollacha sonracha ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal earnála nó ar an leibhéal réigiúnach. Ní bheartaítear leis aon leathnú a dhéanamh ar chumhacht rialála an Aontais ná ar na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit. Cinnfidh na Ballstáit, de réir a gcúinsí náisiúnta, an chaoi ar fearr is féidir leo úsáid a bhaint as an moladh ón gComhairle.

---

15 IO L 94, 28.3.2014, lch. 65
16 IO L 94, 28.3.2014, lch. 243
17 IO L 94, 28.3.2014, lch. 1

- **An rogha ionstraime**

Is éard atá san ionstraim togra le haghaidh moladh ón gComhairle, ionstraim lena gcloítear le prionsabal na coimhdeachta agus le prionsabal na comhréireachta. Léiríonn sí tiomantas na mBallstát do na bearta a leagtar síos sa Mholadh seo agus cuireann sí bonn láidir polaitiúil ar fáil le haghaidh comhar ar leibhéal an Aontais san idirphlé sóisialta, agus sainchúram na mBallstát agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D’eagraigh an Coimisiún ilghníomhaíochtaí comhairliúcháin, arb é b’aidhm dóibh cothromaíocht a áirithiú idir na páirtithe éagsúla lena mbaineann san Aontas. I measc na gcomhairliúchán spriocdhírithe bhí seimineáir thaiscéalaíocha agus éisteacht thiomnaithe le comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais (31 Bealtaine 2022), cruinnithe tiomnaithe ar leibhéal an Choimisinéara le ceannairí na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta trastionscail Eorpacha, plé ag cruinnithe an Choiste um Idirphlé Sóisialta (8 Feabhra, 14 Meitheamh agus 27 Meán Fómhair 2022) agus plé le hionadaithe na mBallstát ar an gCoiste Fostaíochta (19 Bealtaine 2022).

Foilsíodh an glao ar fhianaise maidir leis an Tionscnamh um Idirphlé Sóisialta, lena n-áirítear an glao maidir leis an Dréachtmholadh ón gComhairle, ar an leathanach gréasáin ‘Cloisimis uait’ agus glacadh le haiseolas ón bpobal ón 22 Meán Fómhair go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2022. Fuair an Coimisiún 61 aighneacht, agus tháinig níos mó ná leath díobh ó eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta.

Ba iad na príomhábhair a ardaíodh arís agus arís eile le linn na gcomhairliúchán thuasluaite an gá atá le spás leordhóthanach a chruthú do na comhpháirtithe sóisialta chun dul i mbun caibidlíochta gan bhac, atmaisféar muiníne agus rannpháirtíochta san idirphlé sóisialta a chothú, torthaí agus tairbhí an idirphlé shóisialta a chur in iúl ar bhealach níos fearr, an gá atá le hidirdhealú a dhéanamh idir eagraíochtaí aitheanta comhpháirtíochta sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó cineálacha eile ionadaíochta, borradh a chur faoi acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta, ról níos fearr a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas, comhar láidir a áirithiú idir an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais mar aon le níos mó tacaíocht institiúideach don idirphlé sóisialta. Tugtar aghaidh sa togra reatha ar na tuairimí sin go léir.

Reáchtáil an Coimisiún malartú tuairimí le Parlaimint na hEorpa (mar chuid den idirphlé struchtúrtha le Coiste EMPL an 14 Meitheamh 2022), le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE, an 17 Meitheamh 2022) agus le Coiste na Réigiún (CoR, 21 Meitheamh 2022).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cé go gcuireann an togra le foinsí éagsúla taighde atá ann cheana (e.g. Eurofound, EIS, tuarascálacha ECFE) agus le malartuithe faisnéise le linn imeachtaí sonracha, níor úsáideadh aon saineolaí seachtrach don togra seo.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh i leith an togra seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo le REFIT.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an moladh seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, urramaítear leis an moladh sin an chun saoirse comhlachais (Airteagal 12 den Chairt) agus rannchuidíonn sé le caomhnú an chirt chun cómhargála agus gníomhaíochta comhchoitinne (Airteagal 28 den Chairt).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht airgeadais ag an togra seo do bhuiséad an Aontais agus féadfar tabhairt faoi na hacmhainní daonna atá ann cheana.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Moltar i mír (13) go bhforbródh an Coimisiún táscairí laistigh de 12 mhí ó fhoilsiú an Mholta, chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme i gcomhpháirt leis an gCoiste Fostaíochta agus leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha agus chun feabhas a chur ar raon feidhme agus ar ábharthacht an bhailithe sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil.

De réir mhír (14) déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar chur chun feidhme an Mholta seo ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, i gcomhpháirt leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha, trí chruinnithe trípháirteacha rialta nó uair sa bhliain ar a laghad, i gcomhthéacs na n-uirlisí faireachais iltaobhacha atá faoi threoir an Choiste Fostaíochta, lena n-áirítear laistigh den Seimeastar Eorpach agus i gcomhthéacs an Choiste Eorpach um Idirphlé Sóisialta.

Ar deireadh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Moladh, i gcomhar leis na Ballstáit, leis na comhpháirtithe sóisialta, agus tar éis dó dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha eile, ar na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar an Moladh seo, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle laistigh de cheithre bliana tar éis fhoilsiú an Mholta. Ar bhonn thorthaí an athbhreithnithe, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar tuilleadh tograí a dhéanamh.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Na moltaí atá dírithe ar na Ballstáit, tá siad ceaptha a bheith curtha chur chun feidhme i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta, tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus i ndlúthchomhar leo, agus a neamhspleáchas á urramú ag an am céanna.

Leagtar amach i mír (1) na príomhréimsí gníomhaíochta. Cuirtear i bhfios go láidir inti go bhfuil dhá thaobh leis an idirphlé sóisialta, mar atá an taobh dépháirteach agus an taobh trípháirteach, agus timpeallacht chumasúcháin de dhíth ar an dá cheann díobh. Is cuid den idirphlé sóisialta dépháirteach í an chómhargáil agus féadfaidh sí tarlú sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal trastionscail, earnála, cuideachta, nó réigiúnach.

Leis an timpeallacht chumasúcháin le haghaidh idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach, ba cheart ceart bunúsacha na saoirse comhlachais agus an ceart chun cómhargála a urramú, ceardchumainn láidre neamhspleácha agus eagraíochtaí fostóirí a chur chun cinn, bearta a áireamh chun a n-acmhainneacht a neartú, rochtain ar fhaisnéis ábhartha a áirithiú, rannpháirtíocht san idirphlé sóisialta ar thaobh na bpáirtithe uile a chur chun cinn, tógáil ar an réabhlóid dhigiteach agus a bheith oiriúnach don saol nua oibre agus tacaíocht institiúideach iomchuí a áirithiú.

I mír (2) dírítear ar an ngné thrípháirteach den idirphlé sóisialta agus ar rannpháirtíocht thráthúil, chórasach agus fhiúntach na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, i mbeartais eacnamaíocha agus i mbeartais phoiblí eile.

I mír (3) tagraítear do rochtain ar fhaisnéis ábhartha do na comhpháirtithe sóisialta maidir le staid fhoriomlán eacnamaíoch agus shóisialta na tíre agus maidir leis an staid agus na beartais ábhartha do na hearnálacha gníomhaíochta faoi seach chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta agus sa chómhargáil.

I mír (4) agus sna fophointí a théann léi, tugtar aghaidh ar shaincheist an tsainaitheantais agus na hionadaíochta. Moltar sa mhír sin do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta ábhartha oscailte agus trédhearcach, bunaithe ar chritéir réamhbhunaithe oibiachtúla maidir le gné ionadaíoch na n-eagraíochtaí agus go mbunófar na critéir agus na nósanna imeachta sin i gcomhairle le ceardchumainn agus le heagraíochtaí fostóirí. Meabhraíonn sí freisin, i gcás ina bhfuil ionadaithe ceardchumainn agus ionadaithe tofa araon i láthair sa ghnóthas céanna, gur cheart bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú nach mbaintear úsáid as ionadaithe tofa a bheith ann chun an bonn a bhaint de sheasamh na gceardchumann lena mbaineann ná de sheasamh a n-ionadaithe. Ar deireadh, tagraíonn sí don chríochú idir eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

I mír (5) dírítear ar na comhpháirtithe sóisialta a chosaint ar aon bheart díobhálach nó neamhdhleathach a bhaineann lena gceart nó lena gcearta chun cómhargála a fheidhmiú.

I mír (6), léirítear an gá atá le muinín a chothú as na comhpháirtithe sóisialta agus idir na comhpháirtithe sóisialta agus tabhairt i gcrích comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn. Iarrann sí go mbeadh réiteach malartach díospóide ann chun tacú le forfheidhmiú na gceart agus na n-oibleagáidí a eascraíonn as an dlí nó as comhaontuithe comhchoiteanna, amhail idir-réiteach, idirghabháil agus eadráin, agus é d’aidhm ag an méid sin go léir caibidlíocht a éascú agus cur i bhfeidhm comhaontuithe cómhargála a fheabhsú.

I mír (7) tugtar aghaidh ar leibhéal na cómhargála, ós rud é nach mór a bheith in ann an chómhargáil a dhéanamh ar gach leibhéal atá ann cheana chomh maith le comhordú idir na leibhéil sin a spreagadh.

I mír (8) áirítear roinnt bealaí chun cumhdach cómhargála a chur chun cinn agus cómhargáil éifeachtach a chumasú.

I mír (9) tagraítear do ghníomhaíochtaí cumarsáide chun tairbhí agus breisluach an idirphlé shóisialta agus na cómhargála a chur chun cinn go gníomhach.

I mír (10) tá roinnt bealaí ann chun borradh a chur faoi acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta chun tacú leo páirt rathúil a ghlacadh san idirphlé sóisialta, lena n-áirítear sa chómhargáil agus i gcur chun feidhme Comhaontuithe Neamhspleácha Comhpháirtithe Sóisialta ar leibhéal an Aontais.

Tagraíonn míreanna (11) agus (12), faoi seach, do chur chun feidhme an Mholta agus don tuairisciú chuig an gCoimisiún agus don fhéidearthacht cur chun feidhme chodanna ábhartha an Mholta seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

Tagraítear sna trí mhír dheireanacha do bhearta atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh chun tacú leis na Ballstáit an Moladh a chur chun feidhme, chomh maith leis an bhfaireachán a dhéanfar air.

2023/0012 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 292 de, i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (f) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Chomhairle, sna conclúidí uaithi an 24 Deireadh Fómhair 2019, maidir le *'The future of work : the Union promoting the ILO Centenary Declaration'* ['Todhchaí na hoibre: dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) á chur chun cinn ag an Aontas] molann sí do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí Coinbhinsiúin EIS a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún freisin feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal agus ina fhoirmeacha uile, lena n-áirítear comhar trasteorann, chun rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú maidir le todhchaí na hoibre a mhúnlú agus ceartas sóisialta a fhorbairt, lena n-áirítear trí aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart chun cómhargála agus trí mhachnamh a dhéanamh ar íosphá leordhóthanach, cibé acu reachtúil nó caibidlithe.

(2) I Ráiteas Comhpháirteach 2016 maidir le *New Start for Social Dialogue* [Tús Nua don Idirphlé Sóisialta] a shínigh an Coimisiún an 27 Meitheamh 2016, rinne Uachtaránacht na hÍsiltíre ar an gComhairle agus comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, comhpháirtithe sóisialta trastionscail agus earnálacha ar leibhéal an Aontais gealltanas a thabhairt go leanfaí leis na hiarrachtaí agus go ndéanfaí measúnú ar an ngá atá le gníomhaíochtaí breise ina n-idirphlé sóisialta faoi seach chun teagmháil a dhéanamh le fiontair chleamhnaithe nach bhfuil cumhdaithe go fóill sna Ballstáit agus chun feabhas a chur ar bhallraíocht agus ar ionadaíocht na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí fostóirí araon.

(3) I bPrionsabal 8 de Chearta Sóisialta an Cholúin Eorpaigh luaitear go rachfar i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le beartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le cleachtais náisiúnta. Chomh maith leis sin, spreagfar na comhpháirtithe sóisialta chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu chun gníomhaíochta comhchoitinne á lánurramú ag an am céanna. Ba cheart tacaíocht a spreagadh freisin chun cur le hacmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn. Sa bhreis air sin, i nGealltanas Sóisialta Porto[18]

[18] Gealltanas Sóisialta Porto arna shíniú ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021 ag Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ag an gCoimisiún Eorpach, ag Parlaimint na hEorpa agus ag na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ag an Ardán

iarradh ar na gníomhaithe ábhartha uile idirphlé sóisialta neamhspleách a chur chun cinn mar ghné struchtúraithe den mhúnla sóisialta Eorpach agus é a neartú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach, earnálach agus cuideachta, agus béim ar leith á leagan ar chreat cumasúcháin a áirithiú le haghaidh na cómhargála laistigh de na múnlaí éagsúla atá ann sna Ballstáit.

(4) Sa Rún uaithi maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta an 19 Eanáir 2017, leagann Parlaimint na hEorpa béim ar a thábhachtaí atá an ceart chun cómhargála agus gníomhaíochta comhchoitinne mar cheart bunúsach a chumhdaítear i ndlí príomha an Aontais. Tá an Pharlaimint ag súil freisin go gcuirfidh an Coimisiún dlús le tacaíocht nithiúil chun an t-idirphlé sóisialta a neartú agus a urramú ar gach leibhéal agus i ngach earnáil, go háirithe i gcás nach bhfuil an t-idirphlé sóisialta forbartha go leordhóthanach, agus cleachtais náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh ag an am céanna. Sa rún uaithi maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta an limistéir euro an 10 Deireadh Fómhair 2019, deir Parlaimint na hEorpa go bhfuil an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil ríthábhachtach chun beartais a cheapadh agus a chur chun feidhme lenar féidir dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a fheabhsú agus iarrann sí go mbeadh tionscnamh comhordaithe de chuid an Aontais ann chun cumhdach na gcomhaontuithe comhchoiteanna a leathnú chuig oibrithe ardáin. Iarrann Parlaimint na hEorpa freisin ar na Ballstáit, i gcás inar gá, deiseanna cómhargála a neartú.

(5) Le Treoirlíne 7 de Chinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle[19] iarrtar ar na Ballstáit, i measc nithe eile, oibriú in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta ar dhálaí oibre cothroma trédhearcacha intuartha, agus an chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí á hurramú agus a áirithiú go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ar bhealach tráthúil fiúntach i ndearadh agus i gcur chun feidhme athchóirithe agus beartas fostaíochta, sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, eacnamaíocha, lena n-áirítear trí thacú le hacmhainneacht mhéadaithe na comhpháirtithe sóisialta. Sa Treoirlíne iarrtar freisin ar na Ballstáit an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chothú agus na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun dul i mbun caibidlíochta agus chun comhaontuithe comhchoiteanna a chur i gcrích maidir le saincheisteanna atá ábhartha dóibh, agus a neamhspleáchas agus an ceart atá acu gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh á lánurramú. I suirbhé bliantúil 2019 don fhás[20] meabhraítear, i gcomhthéacs an mheatha atá ag teacht ar chumhdach na cómhargála, go bhféadfadh beartais lena bhfeabhsaítear acmhainneacht institiúideach na gcomhpháirtithe sóisialta a bheith tairbheach i dtíortha ina bhfuil an t-idirphlé sóisialta lag nó a raibh tionchar diúltach ag an ngéarchéim orthu. I suirbhé bliantúil 2022 don fhás inbhuanaithe[21] luaitear go bhfuil rannpháirtíocht chórasach na gcomhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach chun go n-éireoidh le comhordú agus le cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch agus fostaíochta. Cé go bhfuil ról suntasach ag na comhpháirtithe sóisialta i roinnt Ballstát agus go bhfuil baint chuí acu le ceapadh agus le cur chun feidhme beartais, eisíodh roinnt moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh do Bhallstáit eile maidir le feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta

Sóisialta, chun neartú a dhéanamh ar an ngealltanas do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (https://www.2021portugal.eu/en/porto-social-summit/porto-social-commitment)

[19] Cinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle an 21 Samhain 2022 maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (IO L 304, 24.11.2022, lch. 67)

[20] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Suirbhé Bliantúil 2019 don Fhás: *For a stronger Europe in the face of global uncertainty* [Ar mhaithe le hEoraip níos láidre i bhfianaise na héiginnteachta domhanda], COM/2018/770 final

[21] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Suirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe, COM/2021/740 final

agus maidir le rannphháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i dtaca le hathchóirithe a dhearadh agus/nó a chur chun feidhme.

(6) Sa Phlean Gníomhaíochta a rinne an Coimisiún maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[22], d'fhógair sé tionscnamh chun tacú leis an idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Cuireadh i bhfios go láidir sa Phlean Gníomhaíochta sin freisin gur gá an t-idirphlé sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a threisiú agus iarradh go ndéanfaí iarrachtaí neartaithe chun tacú le cumhdach cómhargála agus chun cosc a chur le laghdú ar bhallraíocht agus ar dhlús eagraíochtúil na gcomhpháirtithe sóisialta.

(7) Is uirlis ríthábhachtach agus tairbhiúil é an t-idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, le haghaidh geilleagar sóisialta margaidh dea-fheidhmiúil, lena spreagtar athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, iomaíochas, cobhsaíocht agus fás agus forbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach. Tá ról tábhachtach ag an idirphlé sóisialta freisin maidir le todhchaí na hoibre a mhúnlú, agus treochtaí ar leith sa domhandú, sa teicneolaíocht, sa déimeagrafaíocht agus san athrú aeráide á gcur san áireamh. Is gnách go mbíonn geilleagair níos iomaíche agus níos athléimní ag Ballstáit a bhfuil creataí láidre le haghaidh idirphlé sóisialta agus cumhdach ard cómhargála acu.

(8) Is léir ón taithí a fuarthas go gcuireann an t-idirphlé sóisialta le bainistiú éifeachtach géarchéime. Bhí geilleagair níos athléimní tar éis ghéarchéim 2008 sna cásanna ina raibh na comhpháirtithe sóisialta in ann struchtúir na cómhargála a bhainistiú agus a oiriúnú go luath roimh ré. Léirigh géarchéim COVID-19 le déanaí gur uirlis riachtanach é an t-idirphlé sóisialta chun géarchéimeanna a bhainistiú ar bhealach cothrom agus chun teacht ar bheartais éifeachtacha maolaithe agus téarnaimh. Lasmuigh den ghéarchéim daonnúil a bhaineann leis, tá an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin ina údar méadú gan fasach ar phraghsanna bia agus fuinnimh. Tá ról tábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le freagairt ar roinnt de na dúshláin sin, go háirithe maidir leis na daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin mar aon le coinbhleachtaí eile a lánpháirtiú i margadh saothair an Aontais agus maidir le teacht ar réitigh inbhuanaithe chun pá agus comhaontuithe comhchoiteanna a choigeartú.

(9) Na hathruithe leanúnacha teicneolaíochta, méadú an uathoibrithe agus an t-aistriú glas chuig an aeráidneodracht, is rudaí iad atá ag dul chun cinn go tapa ar fud an gheilleagair, agus tionchair éagsúla ag baint leo in earnálacha, gairmeacha beatha, réigiúin agus tíortha éagsúla. Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta chun cuidiú le hiarmhairtí fostaíochta agus sóisialta na ndúshlán a bhaineann le hathstruchtúrú eacnamaíoch agus leis an dá aistriú atá ar siúl faoi láthair a réamh-mheas, a athrú agus aghaidh a thabhairt orthu, tríd an idirphlé, tríd an gcaibidlíocht agus trí ghníomhaíocht chomhpháirteach i gcás inarb ábhartha. I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Phlean RePowerEU, sa Mholadh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú,[23] iarrtar ar na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta i gcás inarb ábhartha, pacáistí beartais atá cuimsitheach comhleanúnach a ghlacadh agus a chur chun feidhme, cur chuige uile-shochaí a shaothrú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as cistiú poiblí agus príobháideach.

---

[22] Teachtaireacht ón gCoimisiún, *'The European Pillar of Social Rights Action Plan'* [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta], COM(2021) 102 final

[23] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú 2022/C 243/04 (IO C 243, 27.6.2022, lch. 35)

(10) Tá éagsúlachtaí ann ar fud na mBallstát i dtaca le socruithe agus próisis maidir leis an idirphlé sóisialta, éagsúlachtaí a léiríonn stair éagsúil agus staideanna eacnamaíocha agus polaitiúla éagsúla na dtíortha uile. Ciallaíonn idirphlé sóisialta éifeachtach, i measc nithe eile, go bhfuil samhlacha caidrimh thionsclaíoch ann inar féidir leis na comhpháirtithe sóisialta caibidlíocht a dhéanamh de mheon macánta agus a gcleachtais maidir leis an gcómhargáil agus rannpháirtíocht fostaithe a fheidhmiú go neamhspleách. I measc na gcoinníollacha cumasúcháin le haghaidh idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil áirítear na nithe seo a leanas: (i) ceardchumainn láidre neamhspléacha a bheith ann chomh maith le hacmhainneacht theicniúil a bheith ag eagraíochtaí fostóirí; (ii) rochtain ar fhaisnéis ábhartha chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta; (iii) gealltanas ó na páirtithe uile dul i mbun idirphlé sóisialta; (iv) urraim do cheart na saoirse comhlachais agus an ceart chun cómhargála, ar cearta bunúsacha iad; agus (v) an tacaíocht institiúideach iomchuí.

(11) Leis an idirphlé sóisialta cuimsítear comhairliúcháin agus caibidlíocht thrípháirteach agus dhépháirteach a dhéantar ar gach leibhéal, is é sin ar an leibhéal trasearnálach, earnála, grúpa cuideachtaí, cuideachta, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Leis an idirphlé sóisialta trípháirteach náisiúnta tugtar le chéile rialtais, oibrithe agus fostóirí chun beartais phoiblí, dlíthe agus cinntí eile a dhéanann difear do na comhpháirtithe sóisialta a phlé. Le comhairliúcháin thrípháirteacha féadfar a áirithiú go mbeidh comhar níos fearr ann idir na comhpháirtithe trípháirteacha agus go bhforbrófar comhthoil maidir le beartais náisiúnta ábhartha. Ní mór idirphlé sóisialta dépháirteach láidir a bheith ann chun bonn maith a chur faoin gcomhbheartú trípháirteach. Chun feabhas a chur ar phróisis thrípháirteacha, ba cheart do na rialtais trédhearcacht an cheaptha beartais a neartú freisin, cuir i gcás na beartais sin a bhaineann le cáilíocht agus le hábharthacht na ndeiseanna oiliúna don mhargadh saothair.

(12) Is de réir mar a shainítear sa dlí náisiúnta nó sa chleachtas náisiúnta a tharlóidh an chaibidlíocht dhépháirteach, go háirithe an chómhargáil, idir eagraíochtaí oibrithe agus eagraíochtaí fostóirí. Is é atá in eagraíocht oibrithe, go hiondúil, ceardchumann a bhunaítear trí chomhlachas idir oibrithe nó idir ceardchumainn eile (nó an dá rud) arb é is aidhm lena bhunú leasanna oibrithe a chur chun cinn agus a chosaint, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta. Is é atá in eagraíocht fostóirí eagraíocht a bhfuil fostóirí aonair, comhlachais eile fostóirí nó an dá rud ina gcomhaltaí ann, a bhunaítear chun leasanna a comhaltaí a chur chun cinn agus a chosaint, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta.

(13) I gcomhréir le Coinbhinsiún 135 den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIonadaithe na nOibrithe, ar coinbhinsiún é atá daingnithe faoi láthair ag 24 Bhallstát, is iad na daoine seo a leanas a d’fhéadfadh a beith in ionadaithe na n-oibrithe: (i) daoine a aithnítear mar ionadaithe den sórt sin faoin dlí náisiúnta nó faoin gcleachtas náisiúnta, cibé acu is ionadaithe ceardchumainn iad, is é sin ionadaithe arna n-ainmniú nó arna dtoghadh ag ceardchumainn nó ag comhaltaí de na ceardchumainn sin; nó (ii) ionadaithe tofa, is é sin ionadaithe a rinne oibrithe an ghnóthais a thoghadh faoi shaoirse i gcomhréir le forálacha na ndlíthe náisiúnta nó na rialachán náisiúnta nó forálacha comhaontuithe comhchoiteanna agus nach n-áirítear ina bhfeidhmeanna gníomhaíochtaí a aithnítear mar shaincheart eisiach na gceardchumann sa tír lena mbaineann. I gcás ina bhfuil ionadaithe ceardchumainn agus ionadaithe tofa araon sa ghnóthas céanna, níor cheart an ionadaíocht sin a úsáid, áfach, chun an bonn a bhaint de sheasamh na gceardchumann lena mbaineann nó de sheasamh a n-ionadaithe. Tá aitheantas frithpháirteach na gcomhpháirtithe sóisialta agus an t-aitheantas reachtúil a thugann údaráis gach Ballstáit do cheardchumainn agus d’eagraíochtaí fostóirí araon

ríthábhachtach chun go mbeidh creat rathúil maidir leis an gcómhargáil ann, ar choinníoll go mbeidh fostóirí agus oibrithe in ann rogha a dhéanamh faoi shaoirse cén eagraíocht nó cé na heagraíochtaí a dhéanfaidh ionadaíocht orthu. I roinnt Ballstát, tá an t-aitheantas sin teoranta d'eagraíochtaí a chomhlíonann critéir ionadaíochta ar leith. Ba cheart critéir den sórt sin a bhunú i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus ba cheart na critéir a bheith oibiachtúil agus comhréireach. Ba cheart measúnú a dhéanamh orthu i bpróiseas formheasa atá oscailte trédhearcach, próiseas nach gcuireann isteach ar fhorbairt iomlán na cómhargála. In éagmais ceardchumann ar leibhéal na cuideachta, féadfaidh ionadaithe na n-oibrithe atá tofa agus údaraithe go cuí ag na hoibrithe sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích.

(14) Cumhdaíonn an chómhargáil saincheisteanna a bhaineann le dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta amhail pá, uaireanta oibre, bónas bliantúil, saoire bhliantúil, saoire tuismitheora, oiliúint agus sábháilteacht agus sláinte cheirde. Dá bhrí sin, tá sé an-ábhartha maidir le coinbhleachtaí saothair a chosc, pá agus dálaí oibre a fheabhsú agus neamhionannas pá a laghdú. Is uirlis ríthábhachtach í an chómhargáil chun cabhrú le hoibrithe agus le cuideachtaí dul in oiriúint do shaol athraitheach na hoibre agus dearadh agus sainmhíniú gnéithe nua cosanta saothair a mhúnlú, amhail an ceart chun dícheangail ón obair, nó feabhas a chur ar ghnéithe atá ann cheana, amhail cosaint ar fhoréigean agus ar chiapadh san áit oibre, oiliúint a chur ar oibrithe scothaosta, cothromaíocht oibre agus saoil a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na meabhairshláinte. Tá ról lárnach aige freisin maidir le haghaidh a thabhairt ar thionchair géarchéimeanna gan choinne, amhail paindéim COVID-19.

(15) Cinntear feidhmiú córais chómhargála trí mheascán de ghnéithe éagsúla, amhail úsáid clásal *erga omnes* agus leathnú ar chomhaontuithe comhchoiteanna, a meánfhad, úsáid phrionsabal na bhfabhrachta, ordlathas na norm agus úsáid maoluithe ó chomhaontuithe comhchoiteanna arna dtabhairt i gcrích ar leibhéal cómhargála níos airde chomh maith le rátaí dlúis na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí fostóirí. Tá éagsúlacht leathan cur chuige tugtha do chlásail *erga omnes* agus do leathnú riaracháin sna Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí nó lena gcleachtas nó leis an dá rud. I gcóras cómhargála dea-fheidhmiúil áirítear nósanna imeachta le haghaidh comhair, comhroinnt faisnéise agus réiteach díospóidí idir na páirtithe.

(16) Féadfaidh an chómhargáil tarlú ar leibhéil éagsúla. D'fhéadfadh margáil a bheith thar a bheith díláraithe (ag tarlú ar leibhéal na cuideachta den chuid is mó), thar a bheith láraithe (ar an leibhéal náisiúnta) nó d'fhéadfadh sé tarlú ar leibhéal idirmheánach, ar leibhéal na n-earnálacha nó na réigiún. Tá an chómhargáil ar níos mó ná leibhéal amháin ag méadú. I gcásanna áirithe, cloíonn comhaontuithe ar leibhéal na hearnála nó na cuideachta leis na treoirlínte arna leagan síos ag eagraíochtaí ardleibhéil; i gcásanna eile, leanann roinnt earnálacha nó cuideachtaí na caighdeáin atá leagtha síos in earnáil eile. Dá bhrí sin, is gné lárnach de chórais chómhargála é an comhordú idir leibhéil na margála. Le prionsabal na fabhrachta agus leis na maoluithe ó chomhaontuithe comhchoiteanna arna dtabhairt i gcrích ar leibhéal cómhargála níos airde, leagtar síos an creat ginearálta lena rialaítear an gaol idir leibhéil éagsúla margála. Sa chomhthéacs sin, is féidir an fhéidearthacht maidir le maoluithe a leagan amach i gcomhaontuithe comhchoiteanna ar leibhéal níos airde nó sa dlí, chomh maith leis na coinníollacha maidir lena gcur i bhfeidhm ar leibhéal níos ísle. Le clásail mhaolaithe, féadfar a cheadú go ndéanfar comhaontú comhchoiteann (nó cuid de) a chur ar fionraí nó a athchaibidliú, chun leibhéil nó coinníollacha malartacha a shocrú seachas na leibhéil

nó na coinníollacha a fhorordaítear leis an gcomhaontú, i gcás ina mbeidh bonn cirt leis agus ina gcomhaontóidh na comhpháirtithe sóisialta é.

(17) I bhformhór na mBallstát, is gnách go mbíonn rátaí cómhargála níos airde d'fhostaithe atá ar chonarthaí buana agus dóibh siúd atá ag obair i gcuideachtaí móra nó in earnálacha sonracha, cur i gcás an earnáil phoiblí. Is lú an seans, de ghnáth, go gcumhdófar oibrithe i gcuideachtaí beaga, toisc gur minic nach mbíonn an acmhainneacht ag na cuideachtaí sin comhaontú ar leibhéal na cuideachta a chaibidliú, nó toisc nach ann do cheardchumann nó cineál eile ionadaíochta oibrithe san ionad oibre. Bíonn deacrachtaí faoi leith ag baint le hoibrithe a eagrú i gcásanna fostaíochta neamhchaighdeánacha agus bíonn easpa ionadaíochta ag baint leis an gcuid is mó de na cineálacha fostaíochta is nuaí. Is é is cúis leis an easpa shuntasach ionadaíochta ar na cineálacha oibrithe sin an costas a bhaineann le hionadaíocht a dhéanamh orthu, ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile, an tsolúbthacht ó thaobh ama agus ionaid oibre de, rud a fhágann gur deacair d'ionadaithe na n-oibrithe an lucht saothair sách ilroinnte sin a eagrú. Bheadh acmhainneacht mhéadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta ina cabhair chun tuilleadh feabhais a chur ar a rannpháirtíocht maidir le ceapadh beartais agus ar éifeachtúlacht an idirphlé shóisialta agus na cómhargála a dhéanann siad. Is iondúil go gcuidíonn gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta le comhpháirtithe sóisialta feabhas a chur ar mhéid a mbonn ballraíochta (lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht, trí sheirbhísí agus gníomhaíochtaí nua a sholáthar ar leibhéal na scoile nó ar leibhéal na hollscoile etc.) agus trína n-acmhainneachtaí daonna agus riaracháin, chun a n-acmhainneachtaí atá dírithe ar phróisis a chur chun cinn agus chun tacú lena bhforbairt eagraíochtúil. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin oiliúint speisialaithe, tacaíocht theicniúil agus lóistíochta agus cistiú a chur ar fáil. Ar an gcéad dul síos, is próiseas ón mbun aníos é an fothú acmhainneachta, próiseas a bhíonn ag brath ar thoil agus ar iarrachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta iad féin arb iad is fearr atá in ann a gcuid riachtanas a shainaithint agus léiriú a dhéanamh ar na bearta atá á ndéanamh acu cheana féin chun a n-acmhainneacht a neartú. Ina dhiaidh sin, is féidir le húdaráis phoiblí na hiarrachtaí sin a chomhlánú agus/nó tacú leo, is féidir úsáid a bhaint as cistiú ón Aontas, freisin, agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á urramú ag an am céanna.

(18) Tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun tacú leis an idirphlé sóisialta agus leis an gcómhargáil tríd an méid seo a leanas: (i) na deiseanna le haghaidh idirphlé sóisialta a leathnú; (ii) neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus urraim dá saoirse chonarthach a chur chun cinn; (iii) tuairimí comhpháirteacha, cláir chomhpháirteacha agus tionscadail chomhpháirteacha a spreagadh; (iv) faisnéis a roinnt go tráthrialta; (v) oiliúint idirbheartaíochta a chur chun cinn; (vi) foráil a dhéanamh maidir le sásraí um réiteach malartach díospóide amhail comhréiteach, idirghabháil agus eadráin; (vii) cosaint oibrithe a neartú ar fhrithbheart nó idirdhealú a tharlaíonn mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa chómhargáil.

(19) I roinnt mhaith Ballstát, áfach, tá an t-idirphlé sóisialta faoi bhrú. Cé go bhfuil ráta ballraíochta eagraíochtaí fostóirí fós réasúnta cobhsaí, fiú má tá laghdú ag teacht air i roinnt tíortha san Aontas, tá ráta ballraíochta na gceardchumann ag laghdú, ar an meán, ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Thairis sin, is íseal atá sciar na n-oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna (cumhdach na cómhargála) i bhformhór na mBallstát agus, d'ainneoin roinnt straitéisí atá ag eagraíochtaí ceardchumainn chun a raon feidhme a leathnú chuig cineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, tá laghdú suntasach tagtha air le 30 bliain anuas. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh bearnaí a bheith sna rialacha atá ann, rud a d'fhéadfadh tionchar

díobhálach a imirt ar an idirphlé sóisialta. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh orthu: (i) coinníollacha dochta ionadaíochta; (ii) cur isteach ar an bpróiseas margála nó teorainneacha míchuí ar ábhair na cómhargála, (iii) dealú míchuí ar earnálacha eacnamaíocha a chuireann bac ar struchtúir na cómhargála ar leibhéal na hearnála a fhoirmiú; (iv) easpa forfheidhmithe ar chomhaontuithe comhchoiteanna; (v) cosaint neamhéifeachtach ar idirdhealú frith-cheardchumainn; (vi) nósanna imeachta comhairliúcháin neamhéifeachtacha; (vii) easpa cuiditheachta sa chaibidlíocht; (viii) easpa acmhainneachta chun margadh a dhéanamh nó chun a bheith go hiomlán rannpháirteach i nósanna imeachta comhairliúcháin.

(20) Ní mór ionadaíocht agus acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta a neartú freisin chun comhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta neamhspleácha ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, aird ar leith a thabhairt ar chreat cumasúcháin maidir le hidirphlé sóisialta a áirithiú, lena n-áirítear an chómhargáil, agus go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ag na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta chun rannchuidiú go héifeachtach le hobair an idirphlé shóisialta ar leibhéal an Aontais agus na creat-chomhaontuithe arna síniú ag comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

(21) Treoir 2014/24/AE[24] maidir le soláthar poiblí, Treoir 2014/25/AE[25] maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus Treoir 2014/23/AE[26] maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain, cuireann na Treoracha sin de cheangal ar na Ballstáit an ceart eagrúcháin agus an ceart chun cómhargála a urramú i gcomhréir le Coinbhinsiún 87 EIS maidir le Saoirse Comhlachais agus le Cosaint an Chirt Eagrúcháin agus Choinbhinsiún 98 EIS maidir leis an gCeart Eagrúcháin agus an Ceart chun Cómhargála.

(22) Ba cheart an chómhargáil a bheith ar fáil do na hoibrithe ar fad atá i gcásanna inchomparáide, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe. Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur féidir chomhaontú comhchoiteann, lena gcumhdaítear soláthraithe seirbhíse féinfhostaithe, a mheas mar thoradh ar an idirphlé idir lucht bainistíochta agus lucht saothair más i staid is inchomparáide le staid oibrithe atá na soláthraithe seirbhíse[27]. Agus dhearbhaigh sí nach mbíonn sé éasca i gcónaí i ngeilleagar an lae inniu a shuí go bhfuil stádas gnóthais ag conraitheoirí féinfhostaithe áirithe[28].

(23) Is é is aidhm do na treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais i dtaca le comhaontuithe comhchoiteanna a mhéid a bhaineann le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair[29] soiléiriú a dhéanamh ar cathain is féidir le daoine féinfhostaithe dálaí oibre níos fearr a chaibidliú i dteannta a chéile gan rialacha iomaíochta an Aontais a shárú.

---

[24] IO L 94, 28.3.2014, lch. 65

[25] IO L 94, 28.3.2014, lch. 243

[26] IO L 94, 28.3.2014, lch. 1

[27] Breithiúnas an 4 Nollaig 2014, FNV Kunsten Informatie en Media v Staat der Nederlanden, C-413/13, ECLI:EU:C:2014:2411, míreanna 31 agus 42

[28] Breithiúnas an 4 Nollaig 2014, FNV Kunsten Informatie en Media v Staat der Nederlanden, C-413/13, EU:C:2014:2411, mír 32

[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún - Treoirlínte um chur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais maidir le comhaontuithe cómhargála i ndáil le dálaí oibre daoine féinfhostaithe aonair 2022/C 374/02 (IO C 374, 30.9.2022, lch. 2)

(24) Sa Togra le haghaidh Treoir maidir le dálaí oibre a fheabhsú san obair ardáin[30] áirítear forálacha arb é is aidhm dóibh idirphlé sóisialta a chur chun cinn i mbainistiú algartamach trí chearta comhchoiteanna a thabhairt isteach maidir le faisnéis agus comhairliúchán i ndáil le hathruithe substaintiúla a bhaineann le húsáid córas uathoibrithe faireacháin agus cinnteoireachta.

(25) Le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] coinnítear an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go leordhóthanach i gcur i gcrích beartas a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus neartaítear an oibleagáid tacaíocht a thabhairt d'fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit méid iomchuí acmhainní CSE+ a leithdháileadh ar fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta. Na Ballstáit a bhfuil moladh tírshonrach acu sa réimse sin sa Seimeastar Eorpach, ba cheart dóibh 0.25 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh ar an aidhm sin.

(26) Tacóidh an Moladh seo le cur chun feidhme Phrionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Spreagann sé bearta atá curtha in oiriúint do thraidisiúin, do rialacha agus do chleachtais náisiúnta, agus ar an gcaoi sin déanann sé sainiúlachtaí náisiúnta chomh maith le neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú. Comhlánaíonn an Moladh seo ionstraimí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus tá sé gan dochar dóibh.

(27) Níor cheart, i gcás ar bith, tagairt don Mholadh seo mar bhonn cirt le laghdú a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta a thugtar cheana féin don idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, laistigh de na Ballstáit. Ní chuireann sé bac ar Bhallstáit ach oiread bearta tacaíochta níos láidre agus forálacha níos forbartha a chur i bhfeidhm maidir leis an idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, nach ionann iad agus na forálacha a áirítear sa Mholadh seo.

(28) Tá an Moladh seo gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát maidir leis an gceart comhlachais, leis an gceart dul ar stailc agus leis an gceart frithdhúnadh a fhorchur, i gcomhréir le forálacha Airteagal 153(5) CFAE, agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

CHUN CRÍCHE AN MHOLTA SEO, TÁ FEIDHM AG NA SAINMHÍNITHE SEO A LEANAS:

(1) ciallaíonn 'idirphlé sóisialta' gach cineál caibidlíochta, comhairliúcháin nó malartaithe faisnéise idir ionadaithe rialtas, fostóirí agus oibrithe, nó ina measc, maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch agus sóisialta, nithe atá ann mar chaidreamh dépháirteach idir lucht saothair agus lucht bainistíochta, lena n-áirítear an chómhargáil, nó mar phróiseas trípháirteach, leis an rialtas mar pháirtí oifigiúil san idirphlé agus is féidir leis an idirphlé a bheith neamhfhoirmiúil nó institiúidithe nó meascán den dá rud, a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó ar leibhéal an fhiontair agus ar idirphlé é a dhéantar trasfhiontair nó trasearnála nó meascán den na rudaí sin ar fad.

---

30 Togra le haghaidh Treoir maidir le dálaí oibre a fheabhsú in obair ardáin, COM(2021)762 final

31 Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21)

(2) ciallaíonn ‘an chómhargáil’ an chaibidlíocht uile a tharlaíonn de réir an dlí agus an chleachtais náisiúnta i ngach Ballstát idir fostóir, grúpa fostóirí nó eagraíocht fostóirí amháin nó níos mó, ar thaobh amháin, agus ceardchumann amháin nó níos mó, ar an taobh eile, chun dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a chinneadh.

(3) ciallaíonn ‘comhaontú comhchoiteann’ comhaontú i scríbhinn maidir le forálacha ar dhálaí oibre agus téarmaí fostaíochta arna thabhairt i gcrích ag na comhpháirtithe sóisialta a bhfuil sé d’acmhainneacht acu margáil a dhéanamh thar ceann oibrithe agus fostóirí faoi seach de réir an dlí náisiúnta agus cleachtais náisiúnta, lena n-áirítear na cleachtais sin dá dtugtar feidhm uilíoch.

(4) ciallaíonn ‘maoluithe’ ó chomhaontuithe ardleibhéil clásail oscailte nó clásail mhaolaithe a fhágann gur féidir caighdeáin nó coinníollacha malartacha a shocrú seachas iad siúd atá sa chomhaontú, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus ina gcomhaontaíonn na comhpháirtithe sóisialta leis.

(5) ciallaíonn ‘fothú acmhainneachta’ feabhas a chur ar scileanna, ar chumais agus ar chumhachtaí na gcomhpháirtithe sóisialta chun páirt a ghlacadh go héifeachtach agus ar leibhéil éagsúla san idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, (comh)rialáil a dhéanamh ar an gcaidreamh fostaíochta, comhairliúcháin dhépháirteacha agus thrípháirteacha agus ceapadh beartais phoiblí.

AG MOLADH DO NA BALLSTÁIT, I gCOMHRÉIR LEIS AN DLÍ AGUS/NÓ LEIS AN gCLEACHTAS NÁISIÚNTA, TAR ÉIS DUL I gCOMHAIRLE LEIS NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA AGUS I nDLÚTHCHOMHAR LEO, AGUS A NEAMHSPLEÁCHAS Á URRAMÚ AG AN AM CÉANNA, GO nDÉANFAIDH SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le aghaidh idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach, lena n-áirítear an chómhargáil, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal trastionscail, earnála, cuideachta, nó réigiúnach, timpeallacht a chumasaíonn an méid seo a leanas:

    (a) cearta bunúsacha na saoirse comhlachais agus na cómhargála a urramú;

    (b) ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí atá láidir neamhspleách a chur chun cinn;

    (c) bearta chun a n-acmhainneacht a neartú a chur san áireamh;

    (d) rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha is gá a áirithiú chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta;

    (e) rannpháirtíocht na bpáirtithe uile san idirphlé sóisialta a chur chun cinn;

    (f) an dul in oiriúint don ré dhigiteach, an chómhargáil i saol nua na hoibre agus aistriú cothrom agus cóir i dtreo na haeráidneodrachta a chur chun cinn;

    (g) tacaíocht institiúideach iomchuí a áirithiú.

faoi mar a mhionsonraítear a thuilleadh sa Mholadh seo.

(2) a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go córasach, go fóinteach agus go tráthúil i ndearadh agus i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, i mbeartais eacnamaíocha agus i mbeartais phoiblí eile, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(3) a áirithiú go mbeidh rochtain ar fhaisnéis ábhartha ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le staid fhoriomlán eacnamaíoch agus shóisialta na tíre agus maidir leis an staid agus na beartais ábhartha do na hearnálacha gníomhaíochta faoi seach chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta agus sa chómhargáil.

(4) a áirithiú go n-aithneofar eagraíochtaí ionadaíocha fostóirí agus ceardchumainn chun críocha idirphlé sóisialta agus cómhargála, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú, i gcás ina ndéanann na húdaráis inniúla nósanna imeachta maidir le haitheantas agus le hionadaíocht a chur i bhfeidhm chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na heagraíochtaí a dtabharfar cead dóibh cómhargáil a dhéanamh, go mbeidh an cinneadh sin oscailte agus trédhearcach, bunaithe ar chritéir réamhbhunaithe oibiachtúla a mhéid a bhaineann le carachtar ionadaíoch na n-eagraíochtaí agus go mbunófar na critéir agus na nósanna imeachta sin i gcomhairle le ceardchumainn agus le heagraíochtaí fostóirí;

(b) i gcás ina bhfuil ionadaithe ceardchumainn agus ionadaithe tofa araon i láthair sa ghnóthas céanna, go ndéanfar na bearta cuí chun a áirithiú nach mbaintear úsáid as ionadaithe tofa a bheith ann chun an bonn a bhaint de sheasamh na gceardchumann lena mbaineann ná dá n-ionadaithe;

(c) a áirithiú go n-aithnítear agus go n-urramaítear go hiomlán ról sonrach na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta i struchtúir agus i bpróisis an idirphlé shóisialta, agus é á aithint ag an am céanna gur próiseas ar leith é an t-idirphlé sibhialta, lena mbaineann grúpa níos leithne páirtithe leasmhara.

(5) a áirithiú, maidir le hoibrithe agus ionadaithe na n-oibrithe, lena n-áirítear iad siúd ar comhaltaí nó ionadaithe ceardchumainn iad, agus a gceart nó a gcearta chun cómhargála á bhfeidhmiú acu, go gcosnófar iad ar aon bheart a d'fhéadfadh a bheith díobhálach dóibh nó a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar a bhfostaíocht. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go gcosnófar fostóirí ar aon bheart neamhdhleathach, agus a gceart nó a gcearta chun cómhargála á fheidhmiú nó á bhfeidhmiú acu.

(6) muinín a chothú as na comhpháirtithe sóisialta agus idir na comhpháirtithe sóisialta agus tabhairt i gcrích comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn. I gcás easaontú agus, gan difear a dhéanamh don cheart chun rochtain a fháil ar nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha leordhóthanacha chun cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as an dlí nó as comhaontuithe comhchoiteanna a fhorfheidhmiú, agus aon nós imeachta arna leagan síos ag na comhpháirtithe sóisialta á gcur san áireamh, ba cheart dóibh sásraí a spreagadh agus a chur chun cinn chun iad a réiteach, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) úsáid a bhaint as idir-réiteach, idirghabháil agus eadráin, le comhaontú an dá pháirtí, chun an chaibidlíocht a éascú agus cur i bhfeidhm na cómhargála agus na gcomhaontuithe comhchoiteanna a fheabhsú;

(b) i gcás nach bhfuil sé i bhfeidhm cheana féin, idirghabhálaithe a bhunú a fhéadfaidh gníomhú i gcás coinbhleachta idir ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí.

(7) a áirithiú gur féidir cómhargáil a dhéanamh ar gach leibhéal iomchuí, lena n-áirítear ar an leibhéal cuideachta, earnála, réigiúnach nó náisiúnta, agus comhordú a spreagadh idir na leibhéil sin.

(8) cumhdach níos airde cómhargála a chur chun cinn agus cómhargáil éifeachtach a chumasú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) deireadh a chur le bacainní institiúideacha nó dlíthiúla ar an idirphlé sóisialta agus ar an gcómhargáil lena gcumhdaítear cineálacha nua oibre nó fostaíochta neamhthipiciúla;

(b) a áirithiú go mbeidh an tsaoirse ag na páirtithe caibidlíochta cinneadh a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna a bheidh le caibidliú;

(c) a áirithiú go ndéanfar aon fhéidearthacht maolú ar chomhaontuithe cómhargála a chomhaontú idir na comhpháirtithe sóisialta agus go mbeidh sí teoranta maidir leis na coinníollacha faoinar féidir í a chur i bhfeidhm, lena n-áiritheofar ag an am céanna solúbthacht chun oiriúnú do dhálaí athraitheacha sa mhargadh saothair agus do dhálaí eacnamaíocha, cobhsaíocht leordhóthanach chun pleanáil d'fhostóirí agus d'oibrithe araon a chumasú, agus cosaint chearta na n-oibrithe. Sna Ballstáit ina bhfuil an chómhargáil bunaithe ar chreat reachtach, ba cheart maoluithe den sórt sin a bhunú i gcomhairle le ceardchumainn agus le heagraíochtaí fostóirí;

(d) córas forfheidhmithe comhaontuithe comhchoiteanna a áirithiú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cigireachtaí agus smachtbhannaí. Féadfar rialacha agus cleachtais forfheidhmithe a chomhaontú freisin trí chomhaontú comhchoiteann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

(9) tairbhí agus breisluach an idirphlé shóisialta agus na cómhargála a chur chun cinn go gníomhach, go háirithe trí chumarsáid spriocdhírithe agus trí mhodhanna spriocdhírithe. Ba cheart dóibh comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun go mbeidh rochtain forleathan ar théacs na gcomhaontuithe comhchoiteanna, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha agus trí stórtha poiblí.

(10) tacú le comhpháirtithe sóisialta náisiúnta páirt rathúil a ghlacadh san idirphlé sóisialta, lena n-áirítear sa chómhargáil agus i gcur chun feidhme comhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta neamhspleácha ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) forbairt agus neartú a n-acmhainneachta a chur chun cinn ar gach leibhéal, ag brath ar a riachtanais;

(b) cineálacha éagsúla tacaíochta a úsáid, lena n-áirítear tacaíocht lóistíochta, oiliúint agus saineolas dlíthiúil agus teicniúil a chur ar fáil;

(c) tionscadail chomhpháirteacha a spreagadh idir comhpháirtithe sóisialta i réimsí éagsúla leasa, amhail oiliúint a chur ar fáil;

(d) comhpháirtithe sóisialta a spreagadh agus, i gcás inarb iomchuí, tacú leo chun tionscnaimh a chur chun cinn agus cur chuige agus straitéisí nua agus nuálacha a fhorbairt chun a n-ionadaíocht agus a mballraíocht a mhéadú;

(e) tacú le comhpháirtithe sóisialta a ngníomhaíochtaí a chur in oiriúint don ré dhigiteach chomh maith le féachaint ar ghníomhaíochtaí nua atá oiriúnach do thodhchaí na hoibre, don aistriú glas agus don aistriú déimeagrafach agus do dhálaí nua mhargadh an tsaothair;

(f) comhionannas inscne agus comhdheiseanna do chách a chur chun cinn i dtéarmaí ionadaíochta agus tosaíochtaí téamacha;

(g) a gcomhar le comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a chur chun cinn agus a éascú, go háirithe chun a chur ar a gcumas na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta;

(h) tacaíocht iomchuí a chur ar fáil chun comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta arna dtabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme sna Ballstáit;

(i) an úsáid is fearr a bhaint as an gcistiú náisiúnta agus as an gcistiú ón Aontas atá ar fáil, amhail tacaíocht faoi CSE+ agus faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil lena spreagtar comhpháirtithe sóisialta chun leas a bhaint as an gcistiú náisiúnta agus as an gcistiú ón Aontas atá ann cheana, lena n-áirítear na línte buiséid sainchumais atá tiomnaithe ‘d’inniúlachtaí sonracha i réimse an bheartais shóisialta, lena n-áirítear an t-idirphlé sóisialta’ agus do ‘bhearta faisnéise agus oiliúna d’eagraíochtaí oibrithe’.

(11) liosta beart, arna tharraingt suas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, a glacadh nó a rinneadh cheana i ngach Ballstát chun an Moladh seo a chur chun feidhme, a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin [CUIRTEAR ISTEACH an dáta atá 18 mí ó dháta fhoilsithe an Mholta].

(12) féadfaidh sé cur chun feidhme chodanna ábhartha an Mholta seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

CUIRTEAR FÁILTE ROIMH RÚN AN CHOIMISIÚIN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

(13) táscairí trédhearcacha arna gcomhaontú go comhchoiteann a fhorbairt faoi [CUIRTEAR ISTEACH an dáta 12 mhí ó dháta fhoilsithe an Mholta], chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta seo i gcomhpháirt leis an gCoiste Fostaíochta agus leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha agus feabhas a chur ar raon feidhme agus ar ábharthacht an bhailithe sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil.

(14) faireachán rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta seo ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, i gcomhpháirt leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha, trí chruinnithe tríthaobhacha rialta nó uair sa bhliain ar a laghad, i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha an Choiste Fostaíochta, i gcomhthéacs an Choiste Eorpach um Idirphlé Sóisialta, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Ba cheart an faireachán sin a chur ar chumas na gcomhpháirtithe sóisialta, i measc nithe eile, cásanna a shainaithint ina ndearnadh iad a eisiamh nó nach raibh baint leordhóthanach acu le comhairliúcháin ar an leibhéal náisiúnta maidir le beartas an Aontais agus beartas náisiúnta.

(15) meastóireacht a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit, leis na comhpháirtithe sóisialta, agus tar éis dó dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha eile, ar na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar an Moladh seo, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle faoi [CUIRTEAR ISTEACH dáta atá 4 bliana ó dháta fhoilsithe an Mholta]. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar tuilleadh tograí a dhéanamh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*